Rewarding Learning

| Centre Number | |
|---|---|
| 71 | |

| Candidate Number |
|---|
| |

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2011**

# Irish

## Assessment Unit AS 2 (Sections B and C)

*assessing*

## Reading and Extended Writing

**[AI122]**

**TUESDAY 11 JANUARY, AFTERNOON**

AI122

**TIME**

2 hours 15 minutes.
Candidates are advised to spend 1 hour 15 minutes on Section B and 1 hour on Section C.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Section B: answer **all** questions.
Section C: answer **one** question.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 100:
50 marks for Section B and 50 marks for Section C.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an insert for use with question **B1** in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.

**Additional Materials Required:**
None.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| B1 | |
| B2 | |
| C1/C2 | |
| **Total Marks** | |

6675

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Section B: Reading

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**1 Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanann.**
(See insert sheet.)

**(a) Aimsigh san alt focal/frása atá ar comhchiall le gach ceann acu seo:**

**(i)** i d'aonar

______________________________ [1]

**(ii)** ar na saolta seo

______________________________ [1]

**(iii)** má bhíonn ort

______________________________ [1]

**(iv)** mapa

______________________________ [1]

**(v)** glaoigh ar

______________________________ [1]

**Marks for AO2 [5]**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(b) Freagair as Gaeilge na ceisteanna a leanas.**
(Cuirtear i gcuimhne don iarrthóir go gcaillfear marcanna ar fhreagraí a bhainfear focal ar fhocal as an téacs.)

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(i)** Cad é a deirtear san alt a thugann le fios go mbaineann slándáil phearsanta le gach duine?

________________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cad é an tuairim choitianta a bhíonn ag daoine a chiallaíonn nach mbíonn siad cúramach?

______________________________________________ [1]

**(iii)** Scríobh síos nós dainséarach **amháin** a luaitear sa chéad pharagraf.

________________________________________________

________________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iv)** Luaigh **dhá** chontúirt a bhaineann le deochanna, ó thaobh ionsaithe gnéis ar mhná.

________________________________________________

______________________________________________ [2]

**(v)** Ainmnigh **dhá** dhóigh leis an dainséar a bhaineann le deochanna a sheachaint?

________________________________________________

______________________________________________ [2]

**(vi)** Cad é an chomhairle a thugtar maidir le tacsaithe? Luaigh **trí** rud.

________________________________________________

________________________________________________

______________________________________________ [3]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| | Examiner Only | |
|---|---|---|
| | Marks | Remark |

**(vii)** Cad é an **dá** phíosa comhairle a thugtar d'ógánaigh má bhíonn siad ar strae?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**Marks for AO2 [15]**
**Marks for AO3 [10]**
**Total marks for (a) and (b) [30]**


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

2 **Aistrigh go Béarla**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

## Réalta óg

Bhí ceiliúradh mór ar siúl i mBéal Feirste an tseachtain seo a chuaigh thart mar gheall ar an dea-scéal a fuair gasúr darb ainm Tomás Mac Éinrí.

Tá Tomás, atá naoi mbliana d'aois, i ndiaidh ról tábhachtach a fháil dó féin i scannán mór Albanach.

*"Iolar an Naoú"* is teideal don scannán agus le taobh Thomáis ag aisteoireacht ann, beidh an réalta mór Ceanadach, Donald Sutherland.

Cé go dtarlaíonn imeachtaí an scéil in Albain, roghnaíodh gasúr as Béal Feirste de thairbhe go bhfuil Gaeilge aige.

Ar dtús, bhí rún ag na léiritheoirí an pháirt a thabhairt do ghasúr a mbeadh Gaeilge na hAlban aige ach níor éirigh leo teacht air.

Ar ndóigh, tá idir áthas agus bhród ar theaghlach Thomáis agus iad ag súil go mór leis an lá a mbeidh sé le feiceáil ar an scáileán mhór.

*Iolar an Naoú = The Eagle of the Ninth*



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Total marks for AO2 [20]**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Section C: Extended Writing

**Freagair i nGaeilge (1) nó (2). Scríobh 200–250 focal.**

**1 Health and Lifestyle**

**Léigh an t-alt**

Tá a fhios againn uilig go bhfuil cuid mhór fadhbanna sa chóras sláinte atá againn. Daoine ag fanacht ar thralaithe ar feadh cúpla lá, altraí agus dochtúirí róghnóthach le cúram mar is ceart a thabhairt do na hothair agus galair ar nós MRSA a eascraíonn ó bhardaí nach bhfuil glan.

Ach ba cheart dúinn bheith buíoch as an chóras atá againn – fiú mura bhfuil sé foirfe.
Tá an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte saor do gach duine ar mian leis nó léi úsáid a bhaint as na seirbhísí. *"Ón chliabhán go dtí an uaigh"* a dúradh nuair a cuireadh tús leis an tseirbhís sa bhliain 1948 agus níor athraíodh an bunphrionsabal ó shin.

Táthar ann a deir gur cheart dúinn córas eile a bheith againn – córas níos fearr dóibh siúd a bheadh ábalta íoc as.

**Scríobh aiste ar an chóras sláinte. Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- Na rudaí maithe faoin chóras sláinte
- Na drochrudaí faoin chóras sláinte
- Moltaí leis an chóras sláinte a fheabhsú.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**NÓ**

## 2 Young People in Society

**Léigh an t-alt**

Tá sé thar am againn an aois a mbíonn cead ag daoine óga ceadúnas tiomána a bheith acu a ardú go dtí 25 bliain.

Aithníonn gach duine go mbíonn níos mó contúirtí ag baint le duine óg taobh thiar den roth stiúrtha ná le duine atá níos aosta.

De réir tuairisce, bíonn costais árachais seacht n-uaire níos airde ná an gnáthráta do bhuachaillí atá faoi chúig bliana is fiche agus trí huaire níos airde do chailíní den aois chéanna. Cén fáth a mbíonn sé seo amhlaidh?

Is léir ó staitisticí gurb iad fir óga san aoisghrúpa 17–24 is cúis leis an chuid is mó (agus is measa) de na timpistí bóthair a bhíonn ann.

**Scríobh aiste a léireoidh do bharúil ar dhaoine óga agus an tiomáint. Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- Na buntáistí a bhaineann le ceadúnas tiomána a bheith ag duine óg.
- An tionchar a bhíonn ag aois an tiománaí ar shábháilteacht ar na bóithre.
- Na costais éagsúla a bhíonn le híoc ag tiománaí óg sa lá atá inniu ann.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
| --- | --- |
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
| --- | --- |
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**Marks for AO2 [20]**
**Marks for AO3 [30]**
**Total marks for Extended Writing [50]**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**For use with Question B1**

## Fan slán agus tú amuigh!

Is cuma má bhíonn tú i do chónaí i gcathair, i mbaile mór, i sráidbhaile nó faoin tuath, is ceist an-tábhachtach í ceist na slándála pearsanta. Is dócha go bhfuil an dearcadh céanna againn uilig, is é sin go dtarlaíonn drochrudaí do dhaoine eile, beidh mise ceart go leor. Mar sin téimid sa seans go rómhinic. Ar ghlac tú le síob abhaile riamh ó dhuine a bhí ar meisce? Ar shiúil tú abhaile go mall san oíche leat féin agus deoch nó dhó ólta agat? An ndeachaigh tú isteach i ngluaisteán le tiománaí nach raibh aithne agat air?

Tuigtear gurb iad na mná óga an grúpa is mó a bhíonn i gcontúirt agus iad amuigh don oíche. Sa lá atá inniu ann bíonn scéalta le feiceáil go coitianta sna meáin chumarsáide faoi "éigniú coinne". Ciallaíonn sé sin go nglacann fir buntáiste ar mhná agus iad ar meisce nó go gcuirtear piolla éigin ina ndeoch. Mar gheall air seo, moltar i gcónaí do mhná a ndeoch a thabhairt leo chuig an leithreas, nó í a fhágáil le cara.

Seo píosaí eile comhairle a thugtar d'ógánaigh chun iad a choinneáil slán sábháilte:

- Coinnigh go leor airgid le híoc as tacsaí ceadúnaithe le tú a thabhairt abhaile ag deireadh na hoíche.
- Is cuma má bhíonn tú ag fanacht ar feadh i bhfad, fan leis an tacsaí agus ná siúil abhaile leat féin.
- Má chaithfidh tú siúl abhaile, bí siosmaideach. Fan ar shráideanna gnóthacha faoi shoilse geala a oiread agus is féidir. Ná tóg aicearra.
- Má bhíonn tú caillte ná lig ort go bhfuil tú caillte. Siúil go muiníneach. Má bhíonn tú ag amharc ar léarscáil, ná léirigh do dhaoine eile go bhfuil tú caillte – amharc uirthi i siopa nó i mbéal dorais.
- Má bhíonn tú in amhras faoi dhuine nó má dhéantar ionsaí ort, scairt amach agus déan a oiread calláin agus is féidir. Má bhíonn an seans agat, gabh i dtreo daoine eile agus cuir scairt ar na póilíní.

Fan slán agus bain sult as an oíche.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers